CSPE Lesson 7: Comhtháthú agus Forfheidhmiú

Nasc curaclaim

Coincheap - Idirspleáchas, Saoránacht, Cearta agus Freagrachtaí, Maoirseacht, Dlí
Aonad 1 Duine Aonair, Aonad 2 Pobal

Eco Eye Gearrthóga scannáin agus cleachtaí tuisceana – Comhtháthú agus forfheidhmiú

- Teachtaireacht Scoileanna Glasa a bhreith abhaile

Is féidir leat breathnú ar na gearrthóga ar fad i dteannta an ranga, nó na cinn is mó is ábhartha do do cheantar féin a roghnú, nó fós na cinn is mó is spéis leis an ngrúpa.

(NB Comprehension exercises are provided for each clip in separate PDFs. You should choose the ones you will use with this lesson and print them in advance)

Aidhmeanna

- Chun go bhfaighidh na daltaí tuiscint ar roinnt gníomhaireachtaí atá ag obair in éineacht chun dul i ngleic le hathrú aeráide.
- Chun go dtuigfidh na daltaí gur féidir le céimeanna beaga cabhrú leis an athrú aeráide a mhaolú.
- Chun go bhfeicfidh na daltaí conas a chabhraíonn pobail le cúrsaí a athrú, ach oibriú i gcomhair lena chéile.

An topaic a chur i láthair

Tá comhtháthú agus forfheidhmiú i measc na ndúshlán comhshaoil is mó atá romhainn.

Comhtháthú: Chun ár dtimpeallacht a chosaint, caithfimid nósanna iompair atá freagrach a chleachtadh ar fud earnálacha uile na sochaí agus cúram comhshaoil a shníomh isteach i ngach beartas agus i ngach cinneadh. Breathnaítear sa ghearrthóg scannáin “Teachtaireacht

Scoileanna Glasa a bhreith abhaile" ar an tionchar a imríonn leanaí ar a dtuismitheoirí le cur lena bhfeasacht faoi chúrsaí comhshaoil.

Forfheidhmiú: Tugann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil spreagadh do dhaoine aonair agus do ghnóluchtaí dea-chleachtais a bhaineann le cúrsaí comhshaoil a shníomh isteach ina ngníomhaíochtaí maidir le truailliú comhshaoil a chosc. I gcás go dtarlaíonn truailliú, is féidir leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an dlí a chur ar lucht truaillithe an chomhshaoil trí mheán dlíthe comhshaoil a fhorfheidhmiú.

Modh

- Iarr ar dhaltaí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt trí phlé **Mata Boird** (féach mionsonraí ag deireadh phlean an cheachta) nó trí ghniomhaíocht **Smaoinigh – Péireáil – Cearnóg** – Roinn: oibríonn daltaí ina n-aonar chun smaoineamh ar an gceist agus a bhfreagraí a scríobh síos. Oibríonn siad i bpéirí ina dhiaidh sin chun an freagra a fhorbairt a thuilleadh. Ansin, pléann dhá phéire daltaí a bhfreagraí agus roinneann a bhfreagra ar an gcuid eile

Ceist: Cad is teaghlach glas ann?

- NB. Coimeád na Mataí Boird don chéad chéim eile

An topaic a chíoradh

- Breathnaíonn na daltaí ar an ngearrthóg scannáin agus déanann siad an cleachtadh tuisceana a chomhlánú.
- Iarr ar na daltaí breathnú an athuair ar a Mata Boird – líon isteach air eolas/tuairimí eile ar bith a ardaíodh le linn dóibh a bheith ag breathnú ar an bhfíseán.

Gníomhaíochtaí leantacha

Obair a mholtar mar obair baile

- Cén taithí atá agatsa, maidir le scoileanna glasa?

- Cad a dhéanann tusa ag baile chun cabhrú leis an timpeallacht?

Gníomhaíochtaí eile i seomra an ranga

Gníomhaíochtaí taighde/taiscéalaíochta

- Faigh eolas i dtaobh na ngníomhaireachtaí a luaitear sa chlár.
- Cuardaigh roinnt suíomhanna idirlín chun taiscéaladh a dhéanamh faoi cad atá ar siúl in Éirinn chun cabhrú le teaghlaigh a bheith níos glaise, http://www.seai.ie/power_of_one , mar shampla.
- Déan suirbhé ar na meáin ar feadh seachtaine agus cruinnigh na gearrthóga ar fad a bhaineann le cúrsaí comhshaoil.

Obair i ngrúpaí/gníomhaíochtaí díospóireachta

- Conas dob fhéidir leis an scoil a bheith níos glaise?
- An bhfuil aon chéim bheag amháin a d'fhéadfá a ghlacadh a imreodh tionchar dearfach ar do lorg coise carbóin gan tionchar diúltach a imirt ar do shaol? Tabhair cuairt ar: http://cmt.epa.ie/en/calculator/ or http://www.smartertravelworkplaces.ie /, áit a bhfaighidh tú roinnt smaointe samplacha.

Gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin

- Eagraigh vótáil i seomra an ranga maidir leis na nithe is tábhachtaí a d'fhéadfá a dhéanamh chun do theaghlach a dhéanamh níos glaise.
- Samhlaigh tú féin mar úinéir tí – cad iad na gnéithe de theach an teaghlaigh a athrófá chun go mbeadh sé níos mó i bhfách na timpeallachta? Cén fáth go n-athrófá é?

Forfheidhmiú

- Mínigh do na daltaí go bhfuil dlíthe in Éirinn agus san AE atá ann chun an timpeallacht a chosaint. Tugann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil spreagadh do dhaoine

aonair agus do ghnóluchtaí dea-chleachtais a bhaineann le cúrsaí comhshaoil a shníomh isteach ina ngníomhaíochtaí maidir le truailliú comhshaoil a chosc. I gcás go dtarlaíonn truailliú, is féidir leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an dlí a chur ar lucht truaillithe an chomhshaoil trí mheán dlíthe comhshaoil a fhorfheidhmiú.

- Tabhair cuairt ar http://www.epa.ie/whatwedo/enforce/prosecute/ agus faigh eolas ann faoi chionta nó ionchúisimh i do cheantar féin.

Tionscadail a mholtar mar ghníomhaíochtaí dob fhéidir a dhéanamh:

- Tabhair cuairt ar chúirt áitiúil chun breathnú ar imeachtaí cúirte a bhaineann le cúrsaí comhshaoil.
- Cuardaigh na Treoracha uile den AE maidir le beartas comhshaoil a bhaineann le hÉirinn agus roinnt suas na dlíthe i measc na ndaltaí sa rang. Déanann gach dalta taighde maidir le dlí amháin agus cruthaíonn póstaer.
- Tiomsaigh liosta “rialacha” maidir le dramhaíl a bhainistiú sa scoil. Fiafraigh den Phríomhoide an féidir na rialacha sin a thabhairt isteach sa scoil nó iad a chur faoi bhráid Chomhairle na nDaltaí nó faoi bhráid Bhord Bainistíochta na scoile. Téir i mbun oibre chun an beartas sin a fhorfheidhmiú i do scoil.

Cleachtadh Mata Boird

- Oibríonn daltaí i ngrúpaí agus bíonn ceathrar i ngach grúpa
- Tabhair Mata mór Boird do gach grúpa (A3 nó cairtpháipéar), mar atá thíos



- Iarr ar dhaltaí machnamh a dhéanamh ar dtúis agus ansin a bhfreagraí ar an gceist a cuireadh orthu a scríobh síos ar an Mata Boird taobh istigh dá rannóg féin. (B'fhéidir go gcaithfí critéir a rangú nó coda den fhreagra a chur in ord a dtábhachta.)
- Scríobhann daltaí aonair a bhfreagraí lasmuigh den dronuilleog láir
- Roinneann daltaí aonair a bhfreagraí ar bhaill eile a ngrúpaí féin
- Ag obair i gcomhar lena chéile, tagann gach grúpa ar fhreagra i gcoitinne
- Scríobhann daltaí freagra an ghrúpa laistigh den dronuilleog láir
- Breathnaíonn daltaí ar Mhataí Boird grúpaí eile, filleann ar a Mata Boird féin, pléann a bhfaca siad iontu agus déanann a bhfreagraí féin a leasú dá réir
- Is féidir leis na daltaí freagraí na ngrúpaí a phlé mar rang